Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-644 2749. Facs: +353-90-647 3080. Gréasán: www.examinations.ie. R-phost: practicals@examinations.ie

S03/17

CHUIG ÚDARÁS NA SCOILE A LUAITEAR SA SEOLADH

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

NA TRIALACHA PRAITICIÚLA AGUS OBAIR CHÚRSA NA dTIONSCADAL SAN EACNAMAÍOCHT BHAILE

Is é **Dé Céadaoin, 1 Márta 2017** an dáta deiridh le haghaidh obair chúrsa na dtionscadal.

Meabhraítear do na scoileanna go ndéanfar scrúdúchán sna scoileanna ar na trialacha praiticiúla agus ar obair chúrsa na dtionscadal in Eacnamaíocht Bhaile an Teastais Shóisearaigh sa tréimhse **27 Márta–07 Aibreán, 2017.**

Nuair a bheidh an scrúdúchán críochnaithe, ba chóir obair thionscadail na n-iarrthóirí ar fad a choinneáil faoi ghlas in áit shábháilte go dtí go mbeidh an t-athbhreithniú ar thorthaí an Teastais Shóisearaigh déanta agus an toradh curtha in iúl do na scoileanna. Is féidir na tionscadail a thabhairt ar ais do na hiarrthóirí an tráth sin.

NA TRIALACHA PRAITICIÚLA

TASCANNA I SCILEANNA BIA AGUS CÓCAIREACHTA (2017 S38/39AT)

Tá liosta faoi iamh de na tascanna le haghaidh na dtrialacha praiticiúla i Scileanna Bia agus Cócaireachta. Ba chóir do na hiarrthóirí na tascanna le haghaidh na dtrialacha a tharraingt ar bhonn randamach, faoi mhaoirseacht an mhúinteora, dhá sheachtain scoile ar a laghad roimh an scrúdú.

LIOSTA NA nIARRTHÓIRÍ IN ORD FIÚNTAIS

Tá cóipeanna den fhoirm H.P.10 leis seo. Iarrtar ort ainmneacha na n-iarrthóirí a líonadh isteach ar an bhfoirm seo in ord a gcumais in obair phraiticiúil na hEacnamaíochta Baile. Ní cóir marcanna a bhreacadh síos. Is gá an fhoirm H.P.10 a bheith ar fáil don scrúdaitheoir. Má bhíonn níos mó ná scrúdaitheoir amháin i do scoil ní mór cóipeanna den fhoirm a bheith ar fáil do gach scrúdaitheoir díobh.

TORTHAÍ NA dTRIALACHA

Scrúdaitheoirí a dhéanfaidh an triail ar fad a stiúradh agus is iadsan, faoi mhonatóireacht Choimisiún na Scrúduithe Stáit, a shocróidh na marcanna a bhronnfar ar na hiarrthóirí. Beidh na marcanna sin faoi rún daingean agus is don Coimisiún na Scrúduithe Stáit amháin a thabharfar iad.

AISTRIÚ IARRTHÓIRÍ

Ba cheart scéala a chur chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit láithreach faoi iarrthóir a bheith ag aistriú ó do scoilse, nó go dtí do scoilse, agus ainm na scoile eile a lua.

IARRTHÓIRÍ A BHÍONN AS LÁTHAIR DE BHARR TINNIS

Seolfar an fhoirm iarratais H.P.7, chomh maith le treoracha, chuig na scoileanna roimh na trialacha praiticiúla.

ROLLA DEARG

Beidh rolla dearg ag an scrúdaitheoir a cheapfar don triail phraiticiúil le go síneoidh na hiarrthóirí é nuair a thagann siad i láthair don triail.

TREOIRLÍNTE

Seoladh na treoirlínte chuig na scoileanna in Eanáir 2017.

OBAIR CHÚRSA NA dTIONSCADAL

STAIDÉAR ROGHNACH

Déanfar an obair chúrsa an tionscadail sa Staidéar Roghnach a mheasúnú nuair a bheidh na Scileanna Bia agus Cócaireachta á measúnú. Iarrfar ar na hiarrthóirí obair a bhaineann leis an réimse staidéir a roghnaíonn siad a chur i láthair, i.e. **Cúram Leanaí** *nó* **Dearadh agus Ceardaíocht** *nó* **Scileanna Teicstílí.**

Beidh ar gach iarrthóir obair a chur i láthair i gceann amháin de na roghanna sin.

DOICIMÉID

Is iad seo a leanas na doiciméid atá le húsáid sa scrúdúchán ar obair na n-iarrthóirí sa scoil agat.

Is í foirm P2 atá iniata an mheicníocht maidir leis an gcríochnú ceart den obair chúrsa a thaifeadadh arb í liosta ríomhairithe de na hiarrthóirí atá curtha isteach don Eacnamaíocht Bhaile i do scoil. Má bhíonn an fhoirm seo míchruinn nó mura ndéantar í a chomhlánú i gceart, d'fhéadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith ann do scoláirí ar leith nó don ghrúpa ranga iomlán. Gach bliain déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) iarracht mhór dul sa tóir ar obair chúrsa atá ar iarraidh, nó de réir cuma atá ar iarraidh, le scoileanna. I gcuid mhór cásanna tharla sé nár chuir an t-iarrthóir/ na hiarrthóirí atá i gceist aon obair chúrsa isteach le marcáil a dhéanamh uirthi. Cuireann an ghníomhaíocht seo ualach nach gá ar an CSS agus ar an scoil agus is féidir leis moill a chur ar thorthaí cearta agus cruinne a eisiúint chuig iarrthóirí.

Ba chóir go gcabhródh na treoracha atá curtha ar fáil thíos maidir le hobair chúrsa phraiticiúil a bhailiú agus a stóráil agus maidir leis an bhfoirm, Foirm P2 a chomhlánú, le scoileanna agus leis an CSS chun na fadhbanna coitianta a thagann chun cinn a sheachaint.

1. Socruithe maidir le hObair Chúrsa a Chríochnú agus a Fhíordheimhniú

(i) Ní mór d'iarrthóirí a chuireann isteach obair chúrsa an fhoirm a shíniú sa spás os comhair a n-ainm. Níl sé inghlactha go gcuirfí Foirm P2 timpeall an ranga le síniú toisc go gcaithfidh an múinteoir ranga a chinntiú nach síníonn na hiarrthóirí an fhoirm ach amháin ag an bpointe nuair a thugann siad suas a n-obair chúrsa chríochnaithe. Ní mór don mhúinteoir ranga a bheith mar fhinné nuair atá an fhoirm á síniú agus nuair a chuirtear isteach an obair chúrsa chríochnaithe.

(ii) Áit nach gcuireann iarrthóir atá ar an liosta ar Fhoirm P2 obair chúrsa phraiticiúil ar fáil le haghaidh scrúdaithe, cuir isteach taifead de **"Gan Aon Obair Curtha Ar Fáil"** sa spás atá curtha ar fáil do shíniú an iarrthóra.

(iii) Áit a gcuireann iarrthóir nach bhfuil ar an liosta ar Fhoirm P2 obair chúrsa phraiticiúil isteach le haghaidh scrúdaithe, cuir isteach sonraí an iarrthóra de láimh ar Fhoirm P2 agus iarr ar an iarrthóir síniú os comhair a (h)ainm. Sa chás seo, déan teagmháil leis an Rannóg Iontrálacha den CSS chun an taifead iontrála a cheartú. Mura ndéantar é seo, b'fhéidir nach mbeidh an t-iarrthóir curtha isteach i gceart dá c(h)uid scrúduithe.

(iv) Déan taifeadadh ar líon na n-iarrthóirí a bhfuil obair chúrsa phraiticiúil á cur isteach acu sa spás atá curtha ar fáil ar gach leathanach d'Fhoirm P2. Ba chóir go ndéanfaí an uimhir seo a thabhairt chun réitigh i gcoinne an áirimh de líon fisiceacha na bpíosaí den obair chúrsa a tugadh suas.

(v) Seiceáil go n-aontaíonn méid na Leabhrán Obair Chúrsa a taifeadadh sa Bhosca Móriomláin ag deireadh Fhoirm P2 le líon iomlán na n-iarrthóirí a chuir isteach na leabhráin obair chúrsa chríochnaithe. Ba chóir iarrthóirí le **"Níor Cuireadh Aon Obair Ar Fáil"** a bheith curtha sa mheá san áireamh seo.

(vi) Déan líon na n-iarrthóirí atá ag déanamh an Ardleibhéil agus an Ghnáthleibhéil a thaifeadadh sa bhosca ar an bhfoirm de réir mar is cuí.

(vii) Ní mór don mhúinteoir/ do na múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile Foirm P2 atá comhlánaithe a shíniú agus ní mór do Phríomhoide na Scoile í a chomhshíniú leis na sonraí uile a dheimhniú.

(viii) Cuir an chóip ar an mbarr d'Fhoirm P2 ar ais chuig an CSS sa chlúdach litreach a luaithe is atá an obair chúrsa críochnaithe agus tráth nach déanaí ná **10 Márta**. Ba chóir d'údarás na scoile an chóip ar an mbun d'Fhoirm P2 a choinneáil dá gcuid taifead féin.

(ix) In S68/08 agus S69/04 leagtar amach na sonraí maidir leis na socruithe faoi fhíordheimhniú na hOibre Cúrsa. Féach Cuid 3 thíos mura bhfuil údarás na scoile in ann obair chúrsa a fhíordheimhniú mar obair ar leith an iarrthóra féin.

2.Treoirlínte

Ba mhaith leis an gCoimisiún Scrúduithe Stáit an deis seo a thapú agus treoirlínte obair chúrsa na dtionscadal seo a leanas a mheabhrú do na scoileanna.

Ní mór obair chúrsa na dtionscadal uile a bheith ar fáil ar an gcéad lá a thugann an scrúdaitheoir cuairt ar an scoil le linn na scrúduithe praiticiúla.

1. Ba chóir obair chúrsa na dtionscadal ar fad a dhéanamh sa scoil faoi mhaoirseacht an mhúinteora.

2. Ba chóir do na múinteoirí monatóireacht rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-iarrthóirí in obair chúrsa na dtionscadal.

3. Ní mór a dheimhniú gur obair phearsanta an iarrthóra atá in obair chúrsa na dtionscadal a chuirtear isteach le haghaidh measúnú.

3.Gan a bheith in ann Obair Chúrsa Phraiticiúil a Fhíordheimhniú

In S68/08 agus S69/04 (ar fáil ó www.examinations.ie) leagtar amach na socruithe maidir le hobair chúrsa a fhíordheimhniú. Áit nach féidir le múinteoir obair chúrsa phraiticiúil a fhíordheimhniú mar obair ar leith an iarrthóra féin, ní mór foirm tuairiscithe ar leith (Foirm P20) a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an CSS. Eisíodh soláthar d'fhoirmeacha P20 i bhfoirm leabhráin cheana féin chuig scoileanna agus tá cóipeanna breise ar fáil ach iad a iarraidh. Iarrtar ar scoileanna an méid is

mó sonraí agus is féidir a chur ar fáil nuair a thugtar cúis nach féidir leo an obair a fhíordheimhniú. D'fhéadfadh an CSS teagmháil a dhéanamh le scoileanna ina dhiaidh sin má cheapann siad go bhfuil dóthain sonraí ann maidir leis an gcúis nach ndearnadh an fíordheimhniú. Ba chóir an chóip ar an mbarr d'fhoirm P20 a chur ar ais chuig Rannóg na Scrúduithe Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corn na Madadh, Baile Átha Luain. Ba chóir don scoil an chóip charbóin a choinneáil.

Iarrtar ort an ciorclán seo agus na doiciméid faoi iamh a thabhairt d'aire na múinteoirí cuí, le do thoil.

Máire Ní Dhonnchú
Oifigeach Feidhmiúcháin
Feabhra 2017